# Tacaíochtaí ar fáil

## do shuíomhanna Fhoghlaim agus Chúram na Luath-Óige agus Cúraim Leanaí ar Aois Scoile, lena n-áirítear Feighlithe Leanaí le linn COVID-19

Coróinvíreas
**COVID-19**
Comhairle
Sláinte Poiblí

Seo thíos roinnt tacaíochtaí atá ar fáil faoi láthair do sholáthraithe seirbhíse atá ag lorg comhairle agus treorach maidir le hoibriú le linn na tréimhse seo:

### Líne Chabhrach Speisialta ar Shláinte Phoiblí do Sheirbhísí san earnáil (HSE)

Feidhmíonn Sláinte Phoiblí de chuid an HSE líne chabhrach speisialta do sheirbhísí a chuireann tacaíocht ar fáil do sheirbhísí ina bhfuil cás deimhnithe COVID-19. Glaoigh ar **01-5119777**.

### Líne Chabhrach Náisiúnta Covid-19 Lasmuigh d'Uaireanta Oibre

Cuireann an líne chabhrach seo tacaíocht ar fáil ag an deireadh seachtaine do sheirbhísí san earnáil lena n-áirítear feighlithe leanaí a bhfuil cás amhrasta nó deimhnithe de Covid-19 ina seirbhís agus atá á n-oibriú ag na Coistí Contae agus Cathrach i gCúram Leanaí. Tá an líne chabhrach ar fáil Dé Sathairn, Dé Domhnaigh agus Laethanta Saoire Bainc ó 10am go 1pm agus 1.30 go 4pm. Glaoigh ar **1800 940341**.

### Tacaíocht agus Comhairle (Coistí Contae agus Cathrach i gCúram Leanaí - CCCanna)

Má theastaíonn tacaíocht uait i do sheirbhís maidir le COVID-19 nó má tá aon cheist ghinearálta agat is féidir le do CCC áitiúil cabhrú leat. Is féidir leat do CCC áitiúil a aimsiú ag **myccc.ie** (suíomh i mBéarla amháin, ár leithscéal).

### Treoir le linn COVID-19

Tá an chéad phointe tagartha le haghaidh treorach ar láithreán gréasáin de chuid an HPSC, **www.hpsc.ie** (i mBéarla amháin, ár leithscéal).

Soláthraíonn an Lárionad Faire um Chosaint Sláinte (HSPC) treoir shonrach um Chosc agus Rialú Ionfhabhtaithe do shuíomhanna san earnáil. Is féidir an doiciméad treorach reatha a fháil ar an **Leathanach Cúram Leanaí de chuid an HPSC** (i mBéarla amháin, ár leithscéal). Tá sé tábhachtach go mbeadh eolas ag oideoirí, cleachtóirí agus tuismitheoirí ar an treoir nuashonraithe agus í a chur i bhfeidhm ar bhealach a fhreastalaíonn ar riachtanais an linbh.

Is féidir leat faisnéis agus treoir cothrom le dáta a fháil ón Roinn, HSE, HPSC agus Tusla ar leathanach gréasáin amháin ar an **Leathanach Treorach COVID-19 de chuid Na Chéad 5**. Clúdaíonn an leathanach raon ábhar agus tá faisnéis ann do thuismitheoirí agus soláthraithe lena n-áirítear Ceisteanna Coitianta maidir le hAcmhainní Daonna agus treoir sláinte poiblí.

### Tacaíochtaí Eile

Tá tacaíochtaí ar fáil freisin trí na heagraíochtaí bainteacha lena n-áirítear eagraíochtaí ballraíochta.

**An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige**
Department of Children, Equality, Disability, Integration and Youth